Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Nóta Faisnéise 2022/2

## Cearta rochtana ar an gClár Comhaltaí agus oibleagáidí ar chuideachtaí faoi alt 216 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

**Réamhrá**
Tagann gearáin a bhaineann le rochtain a ghnóthú ar na Cláir Comhaltaí de chuid cuideachtaí chun cinn go tráthrialta nuair a bhíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i dteagmháil leis an bpobal.
Gné amháin de na gearáin sin a bhíonn ag teacht chun cinn níos mó agus níos mó i gcónaí is ea oibriú an chórais cosanta sonraí, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS") agus, rud sonrach, na dearbhuithe ó chuideachtaí á rá nach féidir leo rochtain a sholáthar ar a gClár Comhaltaí ar fhorais chosanta sonraí.

Is é cuspóir an Nóta Faisnéise seo an tsaincheist shonrach sin a shoiléiriú agus soiléire a thabhairt i gcoitinne ar na cearta atá ag daoine aonair chun na Cláir Comhaltaí de chuid cuideachtaí a iniúchadh. Chun forbhreathnú níos leithne a fháil ar na hoibleagáidí atá ar chuideachtaí agus ar na cearta atá ag comhaltaí agus ag páirtithe eile faoi dhlí na gcuideachtaí, is féidir an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na Ceisteanna Coitianta atá ar fáil ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach > Ceisteanna Coitianta

**An oibleagáid atá ar chuideachtaí Clár Comhaltaí a chothabháil**
*Comhaltaí den chuideachta*
Is ionann na comhaltaí de chuideachta agus iad sin:

- ar sínitheoirí bhunreacht na cuideachta iad,
- ar scairshealbhóirí iad atá cláraithe freisin mar chomhalta, nó
- a nglactar leo mar chomhaltaí den chuideachta tar éis a corpraithe.

Is féidir go leagfar amach i mbunreacht na cuideachta na rialacha maidir le cé na daoine a fhéadfaidh a bheith ina gcomhalta, conas a éireoidh siad ina gcomhalta agus/nó conas a scoirfidh siad de bheith ina gcomhalta.

*Clár Comhaltaí*
Ceanglaítear ar gach cuideachta le dlí Clár a chothabháil d'iarchomhaltaí agus de chomhaltaí láithreacha na cuideachta[1]. Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa Chlár Comhaltaí:

- ainm agus seoladh gach comhalta agus (nuair is infheidhme) na scaireanna atá ina seilbh ag gach comhalta;
- an dáta a taifeadadh gach comhalta sa Chlár; agus
- an dáta a scoir an duine/an t-eintiteas de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chuideachta.

*Láthair an Chláir*
Ba cheart an Clár Comhaltaí a choimeád in oifig chláraithe na cuideachta, sa phríomháit ghnó aici laistigh den Stát, nó in áit eile laistigh den Stát[2]. Cé go bhféadfaidh duine eile an Clár Comhaltaí a choimeád thar ceann na cuideachta, is amhlaidh i gcás den sórt sin nach mór an áit ina gcoimeádann an duine sin an Clár a bheith laistigh den Stát[3]. Ina theannta sin, i gcás go gcoimeádfar an Clár in áit eile seachas oifig chláraithe na cuideachta, ní mór fógra a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí á rá cén áit a bhfuil an Clár á choimeád.

---
[1] Féach alt 169 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[2] Féach alt 216(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[3] Féach alt 216(4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

*Cionta*
Má mhainníonn cuideachta aon cheann de na ceanglais thuas a chomhlíonadh, beidh an chuideachta, agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain, ciontach i gcion de chuid earnáil 3[4]. Is é an pionós a ghabhann le cion de chuid earnáil 3, ar é nó í a chiontú go hachomair, téarma príosúnachta a mhairfidh 6 mhí ar a mhéad agus/nó fíneáil is fiú €5,000 ar a mhéad.

**An Clár Comhaltaí a Iniúchadh**
*Comhaltaí*
Tá na comhaltaí de chuideachta i dteideal an Clár Comhaltaí a iniúchadh gan aon táille[5].

*Daoine nach comhaltaí iad*
Féadfaidh aon duine nach comhalta den chuideachta é nó í, i.e., aon duine den phobal, an Clár Comhaltaí a iniúchadh ar an táille iomchuí a íoc (tá tuilleadh mionsonraí faoin táille iomchuí tugtha thíos)[6].

*An ceanglas chun an Clár a chur ar fáil lena iniúchadh*
Ba cheart an Clár Comhaltaí a bheith ar oscailt dá iniúchadh le linn uaireanta gnó (murar dúnadh an Clár (féach thíos chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoin gClár Comhaltaí a dhúnadh)).

*Cionta*
Má mhainníonn cuideachta, agus aon oifigeach den chuideachta a rinne mainneachtain, an Clár Comhaltaí a chur ar fáil lena iniúchadh ag comhalta den chuideachta gan aon táille nó ag aon duine eile ar an táille iomchuí a íoc, beidh an chuideachta agus an t-oifigeach sin ciontach i gcion de chuid earnáil 3 (i.e., cion arb é an pionós a ghabhann leis, ar é nó í a chiontú go hachomair, téarma príosúnachta a mhairfidh 6 mhí ar a mhéad agus/nó fíneáil is fiú €5,000 ar a mhéad)[7].

**Cóipeanna den Chlár Comhaltaí a fháil**
Féadfaidh aon chomhalta den chuideachta cóip den Chlár Comhaltaí, nó cóip d'aon chuid de, a iarraidh[8]. Mar an gcéanna, féadfaidh aon duine eile nach comhalta den chuideachta é nó í, i.e., duine den phobal, cóip den Chlár Comhaltaí, nó cóip d'aon chuid de, a iarraidh[9].

Laistigh de 10 lá ó iarraidh a fháil, agus ar an táille iomchuí a íoc (tá tuilleadh mionsonraí faoin táille iomchuí tugtha thíos), cuirfidh cuideachta an chóip iarrtha den Chlár Comhaltaí, nó cóip de chuid de, chuig an iarrthóir nó cuirfidh sí faoi deara an chóip a chur chuige nó chuici[10].

*Cionta*
Má mhainníonn cuideachta, agus aon oifigeach den chuideachta a rinne mainneachtain, an ceanglas chun cóip den Chlár Comhaltaí a sholáthar d'iarrthóir laistigh de 10 lá a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus an t-oifigeach sin ciontach i gcion de chuid earnáil 3 (i.e., cion arb é an pionós a ghabhann leis, ar é nó í a chiontú go hachomair, téarma príosúnachta a mhairfidh 6 mhí ar a mhéad agus/nó fíneáil is fiú €5,000 ar a mhéad)[11].

---

[4] Féach alt 217(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[5] Féach alt 216(8) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[6] Féach alt 216(9) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[7] Féach alt 217(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[8] Féach alt 216(11)(c) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[9] Féach alt 216(12)(c) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[10] Féach alt 216(13) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[11] Féach alt 217(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

**An *"táille iomchuí"***

Is mar a leanas atá an *"táille iomchuí"* dá dtagraítear thuas.

| Ceart | Foráil iomchuí d'Acht na gCuideachtaí, 2014 | Táille Iomchuí |
|---|---|---|
| *An ceart chun an Clár Comhaltaí a iniúchadh – comhaltaí den chuideachta* | alt 216(8) | Táille ar bith. |
| *An ceart chun an Clár Comhaltaí a iniúchadh – aon duine eile den phobal* | | |
| • i gcás go ndéanfar Clár cuideachta amháin a iniúchadh | alt 217(1)(a)(i) | €10.00, nó cibé suim is lú a chinnfidh an chuideachta. |
| • i gcás go ndéanfar níos mó ná Clár cuideachta amháin a iniúchadh | alt 217(1)(a)(ii) agus 217(2) | €15.00, nó cibé suim is lú a chinnfidh an chuideachta (faoi réir coinníollacha áirithe, áfach[12]). |
| *An ceart chun cóip den Chlár Comhaltaí, nó cóip d'aon chuid de, a fháil (tá feidhm aige seo maidir le comhaltaí den chuideachta agus maidir le haon duine eile den phobal araon)* | alt 217(1)(b) | €10.00 in aghaidh na cóipe, nó cibé suim is lú a chinnfidh an chuideachta. |

Féadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a ordú go ndéanfaí na táillí sin a athrú. I gcás socruithe maidir le conas an táille iomchuí nó na táillí iomchuí a íoc, etc., ba cheart teagmháil a dhéanamh go díreach leis an gcuideachta atá i gceist.

**An Clár Comhaltaí a Dhúnadh**

Féadfaidh cuideachta a Clár Comhaltaí a dhúnadh uair amháin nó níos mó in aon bhliain ar leith, ar choinníoll:

- nach mbeidh an Clár dúnta ar feadh níos mó ná 30 lá san iomlán sa bhliain, agus
- go bhfógrófar an dúnadh i nuachtán éigin a scaiptear sa cheantar ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta[13].

[12] Féach alt 217(2) chun mionsonraí a fháil faoi na coinníollacha a bhfuil feidhm acu.
[13] Féach alt 174 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

**Cosaint sonraí agus an Clár Comhaltaí**
Sainmhínítear "*próiseáil*" sonraí pearsanta in Airteagal 4(2) RGCS. Tagann "*nochtadh*" sonraí pearsanta faoin sainmhíniú ar "*próiseáil*" faoi Airteagal 4(2). Trí iniúchadh ar a Clár Comhaltaí a cheadú, nó trí chóipeanna den Chlár a sholáthar, tá cuideachta ag próiseáil sonraí pearsanta, i.e., mionsonraí pearsanta na gcomhaltaí den chuideachta, ar mionsonraí iad a gceanglaítear le dlí go gcuirfí ar áireamh sa Chlár iad.

Tagann an cheist chun cinn, mar sin, maidir le cé acu is ceadmhach nó nach ceadmhach do chuideachtaí rochtain a sholáthar ar a gClár Comhaltaí nó cé acu is sárú ar an dlí cosanta sonraí é an rochtain sin a sholáthar nó nach ea. Mar atá luaite sa réamhrá leis an Nóta Faisnéise seo, bíonn an tsaincheist sin ag teacht chun cinn níos mó agus níos mó i gcónaí sna gearáin a fhaigheann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó dhaoine den phobal, i.e., i gcás gur dhiúltaigh cuideachtaí rochtain a sholáthar ar an gClár Comhaltaí ar fhorais chosanta sonraí.

Ceanglaítear bunús dleathach faoi Airteagal 6 RGCS chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Rud sonrach, ceadaítear le hAirteagal 6(1)(c) RGCS sonraí a phróiseáil i gcás gur *"...gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh"*. Áirítear leis sin comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, rud, mar atá mionsonraithe thuas, lena bhforchuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar gach cuideachta rochtain a sholáthar ar a Clár Comhaltaí agus cóipeanna den Chlár a sholáthar (ar an táille iomchuí a íoc, nuair is infheidhme).

**Dá bhrí sin, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim nach sárú ar an dlí cosanta sonraí é rochtain a sholáthar ar Chlár Comhaltaí cuideachta agus nach bunús dleathach é sin ar a bhféadfar diúltú rochtain a sholáthar ar an gClár Comhaltaí nó cóipeanna den Chlár a sholáthar, mar a cheanglaítear le dlí na gcuideachtaí.**

**Mar atá mionsonraithe thuas, is féidir go bhfágfar cuideachta agus aon oifigeach a rinne mainneachtain araon ar neamhchosaint ar an mbaol ionchúisimh choiriúil má mhainníonn siad ceanglais dhlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh.**

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí treoir maidir leis na tosca cosanta sonraí a bhfuil feidhm acu maidir le cuideachtaí bainistíochta (i.e., cuideachtaí a bhaineann le hárasáin agus le forbairtí tithíochta). Is féidir an treoir sin a rochtain anseo.

**Roghanna forfheidhmiúcháin má mhainníonn cuideachta rochtain a sholáthar ar an gClár Comhaltaí agus/nó cóipeanna den Chlár a sholáthar**
I dteannta na roghanna forfheidhmiúcháin atá ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (lena n-áirítear ionchúiseamh coiriúil), tugtar cearta áirithe forfheidhmiúcháin do dhaoine den phobal faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi alt 217(4), féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a dhéanamh chuici,

- i gcás mainneachtain rochtain a sholáthar ar an gClár Comhaltaí, ordú a dhéanamh lena gcuirfear iallach an Clár a iniúchadh,

- i gcás mainneachtain cóip den Chlár a sholáthar, ordú a dhéanamh lena n-ordófar go gcuirfear an chóip arna hiarraidh chuig an iarrthóir.

Faoi alt 797, féadfaidh duine nó creidiúnaí den chuideachta iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú á cheangal ar chuideachta, nó ar oifigeach di a rinne mainneachtain, an mhainneachtain a leigheas laistigh de cibé tréimhse ama a shonróidh an chúirt. Ní thiocfaidh an ceart sin chun bheith ann, áfach, ach amháin tar éis fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta nó ar an oifigeach á cheangal ar an gcuideachta nó ar an oifigeach an mhainneachtain iomchuí a leigheas agus tar éis 14 lá ar a laghad a thabhairt chun gníomh leighis den sórt sin a chur i gcrích.

**Gearán a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
Dá mba mhaith leat gearán a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le mainneachtain líomhnaithe ar thaobh aon chuideachta rochtain a sholáthar ar an gClár Comhaltaí, nó cóip den Chlár a sholáthar, ba cheart duit Foirm Gearáin an Údaráis a chomhlánú, rud atá ar fáil ag https://cea.gov.ie/en-ie/What-We-Do/Complaints-Concerns-Protected-Disclosures.

Má dhéanann tú gearán, beidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag iarraidh breathnú ar do chomhfhreagras leis an gcuideachta agus ar aon doiciméad eile lena dtacaítear le do sheasamh gur mhainnigh an chuideachta a hoibleagáidí a chomhlíonadh.

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**4 LÚNASA 2022**